

## ❖ An Lúbín ❖

30 Samhain 2009

### **Breis cainte**

*Wanted: ways to make schoolchildren speak Irish.*

D'fhógair Foras na Gaeilge go mbeadh fáilte roimh scoileanna Éireannacha a mhúineann trí Bhéarla agus Gaeilge mar ábhar acu dá b'áil leo cur isteach ar an scéim GLEO. Is í aidhm na scéime seo aitheantas a thabhairt do mhodhanna teagaisc a bhfuil rath ar leith orthu i ngeall ar labhairt na Gaeilge. Cuirfear fáilte ar leith roimh scoileanna i gceantair bhochta ar éirigh thar barr leo na daltaí a chur ag labhairt Gaeilge.

Tá €3,000/£2,000 ar fáil do dhá bhunscoil agus d'iarbhunscoil amháin as gach ceann de shé réigiún: €1,750/£1,200 d'áiseanna Gaeilge agus €1,250/£800 d'imeachtaí a chabhróidh leis an gcaint.

Léargas eile é seo ar athrú cultúrtha, más beag go leor é. Aithnítear anois i gcúlseomraí an stáit nach beo do theanga gan chaint agus nach leor slám rialacha gramadaí a chur de ghlanmheabhair. D'fhéadfaí go bhfuil athintinn éigin á déanamh i measc an phobail féin sna cúrsaí seo, agus a rian sin ar ghnóthaí riaracháin. Is beag an t-athrú atá ag teastáil.

Is mó an éifeacht, gan amhras, a bheadh le páirt-tumoideachas – Gaeilge agus cúpla ábhar eile a mhúineadh tríd an teanga féin sna bunscoileanna - seift a raibh rath uirthi in áiteanna eile; ach níl an oiread sin múinteoirí ann a bhfuil an teanga ar a dtail acu. Tá seifteanna eile á lorg, mar sin, mar shop in áit na scuaibe. Ní hé nach fiú an scéim nua a mholadh inti féin, ach is trua nach ndéarnadh an obair i gceart ó thús.



### **Nuacht**

*Ireland's only Irish-language newspaper, Foinse, is back on the stands – thanks to a deal with a major English-language paper. The future launch of another Irish-language paper has also been announced.*

Tá an nuachtán *Foinse* ar ais. Thit sé ar lár i Mí an Mheithimh 2009 cheal airgid, ach anois bíonn an nuachtán ar fáil saor in aisce istigh leis an *Irish Independent* gach Céadoin, rud a chuireann faoi bhráid os cionn 150,000 léitheoir nua é. Is mór an méadú é, agus gan ach 4,500 léitheoir ag *Foinse* ceithre mhí ó shin.

Tá cuma sách nua ar an nuachtán, agus colúin ann a thugann léargas ar gach gné den saol Fódlaigh. An chuid is mó de na daoine a d'fheicfeadh an leagan nua leo bheidís ar bheagán Gaeilge, agus drogall orthu, b'fhéidir, tabhairt faoin teanga arís; tá codán speisialta ann dá leithéidí agus *Cúpla Focal* air. Chomh maith leis sin, cuirfear le *Foinse sa Rang* mar áis do dhaltaí scoile.

Foilseachán neamhspleách is ea *Foinse* go fóill, agus cúigear ina bhfoireann lánaimseartha ann, gan trácht ar a lán scríbhneoirí fánacha. Is í Emer Ní Chéidigh an t-eagarthóir.

Níl aon amhras ná gur maith an rud é seo ar a lán slite. Fuasclaíonn sé fadhb an dáileacháin, rud a bhí ina chrá croí ag eagarthóirí Gaeilge riamh. Is iomaí léitheoir de chuid an *Irish Independent* a ligfidh

*Foinse thairis, ach cuirfear in iúl do na mílte go bhfuil nuachtán Gaeilge ann agus bainfidh a lán acu triail as.*

Fágann sin fógra eile: nuachtán nua dar teideal *Gaelscéal* atá le cur amach ag an Connacht Tribune Group and EO Teilifís. Foras na Gaeilge a d'fhógair an scéal. Tíocfaidh an nuachtán amach as bhliain 2010 agus beidh suíomh idirghníomhach ag gabháil leis.



### **An chaint cheart**

*You need Chinese in America, and Swedish is still handy in Sweden.*

Litir a d'fhoilsigh an *Irish Independent*, 17/11/09: bhean ó Dhaingean Uí Chúis, agus í ag déanamh tagairt do thuairisc go bhfuil breis lárionaid Ghaeilge le tógáil. Go neartaí Dia lámh na ndaoine arb áil leo Gaeilge a fhoghlaim, a deir sí, ach toisc go bhfuil an geilleagar chomh lag sin agus iachall ar dhaoine dul thar sáile arís ar thóir oibre, ba chóir don Rialtas an t-airgead a chaitheamh ar Shínis agus Spáinnis a mhúineadh. Tá a fhios aici óna cleachtadh pearsanta gurbh fhusa duit go mór post a fháil sna Stáit agus na teangacha sin agat; agus ní foláir do dhaoine buntáiste a bhaint as gach rud chun post a fháil na laethanta seo.

Ní scéal gan bhunús é. Cathair dhátheangach is ea Nua Eabhrac féin, comharthaí Spáinnise agus Béarla ar fud na háite, agus treoir Spáinnise ag na huathmheaisíní bainc. Tá fianaise ann go mbíonn an dara glúin de Spáinniseoirí Mheiriceá ag iompú go tiubh ar Bhéarla, agus ní dóichí rud de ná gurb amhlaidh do na Síneoirí é. Más ea, fágann sin neart daoine fós nach é an Béarla an teanga is réidhe a thagann chucu.

Ní dhéanfadh sé lá dochair d'Éireannaigh ná d'Astráiligh lasta teangacha a thabhairt leo agus a n-aghaidh ar an gcoigríoch, ach sin é an t-oighear: Béarla líofa ag an dá dhream (rud fóinteach, gan amhras), smeadráil Ghaeilge ag na hÉireannaigh, beagán de theangacha eile ag dream an deiscirt. Faoi láthair, ar ndóigh, tá rath éigin ar an Astráil, a bhuíochas sin ar an mianadóireacht; chuireamar dínn an chuid ba mheasa den drochré, agus ní gá dúinn dul ar lorg oibre in áiteanna eile. Buaileadh Éire go dona, ní nach ionadh – daoine báite go mullach i bhfiacha, mar a tharla san Astráil, geilleagar gan tathag agus gan fáil ar aon taca eile ach an déirc (mar atá deontais an AE). Ba dhóigh leat go gcuirfeadh na deontais féin daoine ag foghlaim teangacha, ach a mhalairt a tharla.

Idir an dá linn, tá airgead le baint as an nGaeilge ar fhód an bhaile, cáipéisí stáit agus leathstáit le haistriú ar chostas mór agus obair eile le déanamh thall sa Bhruiséil. Mhair an capall agus fuair féar. Ar shlí amháin no ar shlí eile tá scéimh an óir agus na galántachta ag teacht ar an teanga.

Ina dhiaidh sin is uile, ba cheart do gach dalta d'fhearann Éibhir mórtheanga Eorpach a thabhairt ón scoil leis, cuma más Gaeilgeoir nó a mhalairt é. Ba cheart dúinn Astráiligh beart a dhéanamh mar an gcéanna. Go fiú i dtíortha ar nós na Sualainne ina bhfuil Béarla ag cách, tugann an teanga dhúchais bealach isteach duit nach féidir a fháil ar aon dóigh eile. Más crua don chailleadh caithfidh sí rith, ach ba dhóigh leat nach crua di fós.



**Údarás Gaeilge**

*A new strategy for Irish has been published, and it is clear that the infrastructure of the language is to be reshaped.*

Tá an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta tar éis an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* a chur amach. Moltar go ndéanfaí Údarás na Gaeilge den fhoras atá i mbun an Ghaeltacht amháin a chothú - Údarás na Gaeltachta. Leanfaidh Foras na Gaeilge air ag tabhairt tacaíochta don teanga sa dá chuid den oileán, agus beidh Aire Sinsearach agus Roinn Rialtais ag plé le cúrsaí Gaeilge fós.

Ní bheidh gach duine sásta leis an socrú nua, ach beidh buntáistí ag baint leis. Is léir anois, go fiú dá mairfeadh an Ghaeltacht thraidisiúnta, nach ann is mó a thiocfaidh an teanga chun cinn. I mBaile Átha Cliath atá an chuid is mó de chainteoirí Gaeilge le fáil, idir Ghaeilgeoirí agus chainteoirí dúchais (idirdhealú nach furasta a dhéanamh anois). Sna bailte móra agus sna cathracha is láidre atá an ghaelscolaíocht. Má tá Údarás ar bith le bheith ann, luíonn sé le réasún gur cóir dó a bheith i bhfeighil na tíre uile.

Tá eagraíochtaí Gaeilge an Tuaiscirt ag éirí míshuaimhneach agus barúil acu gur mian le rialtas na hÉireann roinnt airgid a bhaint de sparán Fhoras na Gaeilge agus a bheith fial le deisceart na tíre. Fabhar, dar leo. Faigheann an Tuaisceart 25% den mhaoiniú, agus ba dheacair do na heagraíochtaí airgead a fháil ó phátrúin eile.

Tabharfar súil níos géire ar an Straitéis sa chéad eagrán eile.



### **I gcló arís**

*Some of the best of modern literature in Irish is to be republished.*

Athfhoilseoidh Cló Iar-Chonnachta mórshaothair comhaimseartha Gaeilge ó chatalóg Sáirséal Ó Marcaigh, foilsitheoir atá imithe ar shlí na fírinne anois ach a raibh scríbhneoirí nótaí ar a liosta, ar nós an Chadhnaigh, Sheáin Uí Riordáin agus Mháire Mhac an tSaoi. D'éascair Sáirséal Ó Marcaigh as Sáirséal agus Dill, comhlacht a bhunaigh Seán Sáirséal Ó hÉigeartaigh agus a bhean, Bríd Ní Mhaoileoin, d'fhonn litríocht na Gaeilge a chur chun cinn.

Más fiú litríocht nua-aoiseach na Gaeilge a áireamh ar litríochtaí suntasacha na hEorpa, tá mórán den chreidiúint ag dul do Sháirséal agus Dill. Chomh maith leis an triúr a luadh cheana, choinnigh a leithéidí seo an dé sa traidisiún: Liam Uí Fhlaithearta (*Dúil*), Pádraic Ó Conaire (*Scothscéalta*), Síle agus Donncha Ó Céileachair (*Bullaí Mhártain*) agus Breandán Ó hEithir (*Lig Sinn i gCathú*), agus gan iontu siúd ach cuid den scéal. Tháinig timpeall 200 leabhar amach idir na blianta 1945 agus 2009.

Sa bhliain 1981 cheannaigh Caoimhín Ó Marcaigh an t-inphrionta, agus tugadh Sáirséal Ó Marcaigh ar an gcomhlacht ina dhiaidh sin. Thit an oighreacht ar Chló Iar-Chonnachta, agus dá bhrí sin cuirfear ar fáil arís na saothair úd a thaispeáin nach aon dóithín í litríocht nua na nGael.



## **Aistriúcháin**

*Does the translation of state documents into Irish really add so much to the cost?*

Ní aon scéal nua anois é díospóireacht ghéar a bheith ann i dtaobh aistriúcháin Ghaeilge ar cháipéisí poiblí. Is gearr ó bhí a leithéid ann sa Dáil agus aird á díriú arís ar an gcostas. Ag cruinniú comhchoiste dúirt an tAire Éamon Ó Cuív arís nach raibh sé de cheangal ar ranna stáit ach na cáipéisí is tábhachtaí a aistriú, go háirithe tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéiseacha. Dúirt sé go raibh an Roinn agus An Coimisinéir Teanga ag moladh anois go bhfoilseofaí cáipéisí ar dhlúthdhiosca nó go leictreonach, agus gur thuig sé go raibh seo á dhéanamh ag roinnt comhlachtaí cheana. Tá bogearra ann ar féidir tairbhe a bhaint as sna cúrsaí sin.

Is dóigh leis an Aire go mbíonn ranna stáit airdeallach anois ar an gcostas a bhaineann le haistriúcháin agus go mbíonn tuarascálacha níos gonta dá bharr. Ach dúirt sé go raibh gá le díospóireacht i dtaobh aistriú cáipéisí stáit nach bunchaipéisí iad, ós annamh á léamh iad má léitear riamh iad.

Ní nach ionadh, tá an tsíordhíospóireacht ag déanamh inní do na haistritheoirí féin, drong atá ag éirí níos líonmhaire in aghaidh na bliana agus ceird acu ar cuspóir di an teanga a chur chun cinn. Mar a dúirt duine acu (agus rud é a dúirt an Coimisinéir Teanga cheana), is leis na bunchaipéisí Béarla a bhaineann an chuid is mó den chostas, má chuirtear san áireamh ullmhú, dréachtadh, scagadh agus ceartú an ábhair. Cuirimis san áireamh freisin nach gcuirtear Gaeilge ach ar bheagán cáipéisí. Deirtear, dála an scéil, go bhfuil claonadh ag forais stáit chun an obair a thabhairt do ghníomhaireachtaí aistriúcháin nach bhfuil Gaeilge ar bith acu (taobh amuigh de na cinn a dhéanann speisialtacht den aistriúchán Béarla-Gaeilge). Tugann na gníomhaireachtaí an obair do shaoraistritheoir éigin agus baineann a gcuid féin as an mbrabach.

Más amhlaidh go bhfuil an Stát i ndáiríre faoi chothú na teanga (agus a mhalairt atá fíor le fada an lá) ní folair roinnt de cháipéisí stáit a bheith ar fáil i nGaeilge agus faille a bheith ag saoránaigh ar an teanga a úsáid sna cúirteanna. Bíodh súil againn, ar a laghad, gur blasta an Ghaeilge ná an Béarla.



## **Neipeal**

*The reformers are in power in the republic of Nepal, land of mountains, Gurkhas and, too often, grinding poverty. But revolutionary dreams and parliamentary politics are not always compatible.*

Is annamh na laethanta seo go n-éiríonn le páirtí Cumannach (páirtí Maoch sa chás seo) rialtas ríoga a threascairt (níl an oiread sin ríthe ann a thuilleadh), toghchán a bhuanach agus dul i dtreis dá bharr. Rinne Páirtí Cumannach Aontaithe Neipeal (Maoch) a leithéid d'eachtra sa bhliain 2008 tar éis comhrac fada i dtír seo na sléibhte iontacha agus na n-ísléan méith. Níorbh fhéidir leis an rialtas greim a choinneáil ar an tuath agus bhí ag teip ar na ceannaircigh na cathracha a ghabháil. Ní raibh fágtha ach an comhréiteach. Anois tá an comhréiteach féin ag teip.

Bhí ar na Maoigh comhrialtas a chruthú agus baint aige le formhór na bpáirtithe sa Pharlaimint. Tháinig ceannaire na Maoch, Prachanda, i réim mar Phríomh-Aire i Mí na Lúnasa 2008, ach i Mí na Bealtaine i mbliana bhí air éirí as de bharr achrainn i dtaobh bhriseadh cheannasaí an Airm. Tháinig comhrialtas nua ar an bhfód nach raibh na Maoigh páirteach ann, agus ceapadh Príomh-Aire nua – fear eile den eite chlé: Madhay Kumar Nepal ó Pháirtí Cumannach Neipeal (Marcsach-Leiníneach Aontaithe).

Ar éigean a bheadh súil lena leithéid nuair a tháinig na Maoigh i réim ar dtús. Lena thuiscint cén fáth ar tháinig an cor seo sa scéal ní foláir cúrsaí a athscrúdú.

Ní gan chúis a tháinig na Maoigh chun cinn i Neipeal. Cé go ndallfadh dreach na tíre thú le háilleacht, bhí an t-anró riamh ann, agus níor mhór an chabhair teirce smaointe na bpolaiteoirí, dream ar mhór

acu leas na scothaicme: tá 40% den saibhreas náisiúnta i seilbh 10% den phobal. Tá easpa oibre ar bheagnach leath an phobail, agus is minic daoine ar lorg postanna san India, i dtíortha na Murascaille agus sa Mhalaeisia. Cuireann siad os cionn \$1 billiún abhaile in aghaidh na bliana. Is deacair Neipeal a bhaint amach, agus is beag bóthar atá le fáil as chuid is mó den tír de bharr ghairbhe an talaimh, rud a fhágann gur fusa dul ar bord eitleáin.

Tá deighilt shoiléir le haithint ar an tír ó thaobh geografaíochta de: na hardáin chrua bhochta thuaidh agus iad ag críochantacht leis an Tibéid, agus na hísleáin mheirbhe mhéithe theas, áit a bhfuil bailte móra agus cathracha. Aisteach le rá, tá na sléibhte ag ardú i gcónaí, a bhuíochas sin ar an bpláta geolaíoch Indiach, atá ag sleamhnú faoi bhun an phláta Thibéadaigh agus á bhrú suas gan stad.<sup>1</sup>

Is mór an éagsúlacht a bhaineann le teangacha na tíre, agus ceithre phríomhfhine mhóra ann: teangacha Ind-Eorpacha, teangacha Mongólacha, teangacha Tibéadacha agus a lán teangacha dúchasacha. Is iomaí duine a bhfuil Hiondúis agus Béarla aige sa deisceart, ach is í an Neipealais (teanga Ind-Eorpach) an teanga náisiúnta.

Bhí baint ag cuid de na cúrsaí seo le bláthú an Mhaochais i dtuaisceart na tíre go háirithe: bhain siad buntáiste as an mbochtanas a bhí ag crá na ndaoine, as mí-éifeacht an rialtais agus as an eolas a bhí acu ar a limistéar féin. Bhí tacaíocht go leor sa bhaile acu agus í á daingniú acu leis an lámh láidir, agus tá sé de theist ar an dóchas a bhí ag daoine astu gur éirigh chomh maith sin leo i dtoghcháin a bhí (más fíor) measartha cothrom. Ansin thosaigh an chuid ba shuimiúla den scéal – páirtí réabhlóideach á chur féin in oiriúint do chóras parlaiminteach lena chlár a chur i bhfeidhm. Fuair na Maoigh amach, is dócha, nach furasta leasú a dhéanamh; is beag feabhas a tháinig ar staid na tíre fós, ach ní mó ná sásta a bhí na mílte Maoch nuair a bhí ar a gceannaire Prachanda a chúl a thabhairt leis an bpost ab airde. Ní chuirge sin a thug siad tréan-iarracht ar theacht i gcumhacht.

Cé gur mór an tionchar atá ag polaiteoirí den eite chlé ar an tír, ná dearmadaimis gur tír an-traidisiúnta fós í. Is Hiondúigh iad formhór na ndaoine, agus bhí an Búdachas ann riamh. Tá teampaill agus scrínte le fáil ar fud na tíre, agus tá na sean-nósanna fite fuaite in aigne bhunadh na háite. Is gearr ó rinneadh íobairt ollmhór le hómós don bhandia Hiondúch Gadhimai, bandia cumhachta (féile fhuilteach a bhíonn ar siúl gach cúigiú bliain); déantar féile Maghe Sankranti a cheiliúradh le hómós do Visniú i Mí Eanáir, tagann Holi (féile na ndathanna) i Mí Mhárta, bíonn féile Bhúdaíoch Guni ar siúl faoi Iúil agus faoi Lúnasa ar theacht an mhonsúin, agus mar sin de.

Comhartha ar an nua-aoiseachas is ea an Maochas, comhartha éideimhin aisteach; bhí doicheall ar an tSín féin roimh Mhaoigh Neipeal, agus níor mhór an fháilte a chuir an chuid eile den domhan rompu. Dá chomhartha sin níor dheacair don rialtas a bhí ansin ann neart arm a fháil chun a chuid féin den fhód a sheasamh. Ní raibh gar ann, mar sin féin: b'éigean comhréiteach a dhéanamh, rud a thug ar na Maoigh triail a bhaint as an mbealach bunreachtúil. Tá na seanfhadhbanna fós ann agus súil ag mórán lena bhfuascailt; tá sé le feiscint cén bhaint a bheidh ag na Maoigh leis sin. Anois, agus an tseandúthracht maolaithe, ní mór do na réabhlóidithe fillleadh ar an dúchas.



---

<sup>1</sup> Tá dea-thoradh air seo sa mhéid go n-imíonn deascadh chreimeadh na Sléibhte Himiléitheacha ó dheas sna haibhneacha móra mar ghlár, rud a chuireann le torthúlacht na hithreach theas.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).*